Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2024
(OR. en)

9912/24

ATO 35
RECH 231
SAN 284

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le slándáil an tsoláthair raidiseaptóp d'úsáid mhíochaine<br>- Formheas |

1. An 28 Feabhra 2024, d'eagraigh an Uachtaránacht ceardlann maidir le rochtain ar radachógais a áirithiú d'othair uile na hEorpa. Iarradh ar na páirtithe leasmhara plé a dhéanamh ar shaincheisteanna mar shampla ról an bheachtleighis i dteiripe ailse trí radachógais a úsáid, an tábhacht a bhaineann le heolas an dochtúra chun cáilíocht saoil othar a ráthú ó thaobh na n-othar de, gnéithe rialála de chuid an Aontais chun an nuálaíocht a chothú agus an ganntanas cógas a chosc agus constaicí an chreata rialála do radachógais. Pléadh freisin ról an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde maidir le taighde ar an radachógas a éascú agus féachaint ar bhealaí chun leas a bhaint as an taighde sin don úsáid chliniciúil. Ar deireadh, pléadh cé mar is féidir slabhra an tsoláthair radachógais a áirithiú agus neamhspleáchas an Aontais a chothú.

2. An 9 Aibreán 2024, roinn an Uachtaránacht leis na toscaireachtaí tacar dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le slándáil an tsoláthair raidiseaptóp d'úsáid mhíochaine. Pléadh an dréacht agus na hathbhreithnithe air (8497/24, 9284/24 agus 9707/24) ag an Meitheal um Cheisteanna Adamhacha an 10 Aibreán, an 30 Aibreán agus an 14 Bealtaine 2024. Iarradh ar na Ballstáit barúlacha i scríbhinn a chur ar fáil. Mar thoradh ar an bplé a rinneadh, roinn an Uachtaránacht leis na Ballstáit an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn agus chuir sí in iúl dóibh go raibh sé ar intinn aici é a chur faoi bhráid Coreper agus na Comhairle mar mhír I/A.

3. Cuireann na dréachtchonclúidí ón gComhairle leis na conclúidí ón gComhairle roimhe seo (2009, 2010, 2012, 2019, 2021) agus ar an léargas a fuarthas ón gCoimisiún agus ón bhFaireachlann Eorpaí um sholáthar raidiseaptóp míochaine.

4. Is é is aidhm do na dréachtchonclúidí ón gComhairle soláthar raidiseatóp míochaine a áirithiú agus neamhspleáchas na hEorpa chomh maith le ceannaireacht dhomhanda sa réimse sin a choinneáil ar bun. Agus é á mheabhrú acu an gealltanas a thug an tAontas Eorpach, Comhphobal Euratom, agus na Ballstáit ardleibhéal cúraim sláinte a chur ar fáil do na saoránaigh, áitíonn na dréachtchonclúidí go mbeadh ról ag na raidiseatóip i ndáil le diagnóis agus cóireáil leighis.

5. Sna dréachtchonclúidí ón gComhairle, tathantaítear ar an gCoimisiún gníomhú maidir le cúig phríomhcholún:

- Féachaint le ról ceannaireachta domhanda na hEorpa maidir le soláthar raidiseatóp míochaine a choinneáil ar bun trí dhul chun cinn inbhraite tapa a dhéanamh maidir leis na gníomhaíochtaí ábhartha sainaitheanta;
- Faireachán agus réamhaisnéis maidir le héileamh agus soláthar i gcás na raidiseatóp míochaine ábhartha uile;
- Taighde agus nuálaíocht maidir le hábhair a bhaineann le raidiseatóip mhíochaine agus le teicneolaíochtaí raideolaíocha míochaine eile;
- Scileanna criticiúla a mheas agus a fhorbairt;
- Measúnú a dhéanamh ar an gcreat maidir le raidiseatóip d'úsáid mhíochaine a iompar d'fhonn rannchuidiú le rochtain a áirithiú do na hothair i ngach Ballstát.

5. Iarrtar, ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle na dréachtchonclúidí ón gComhairle, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad, a ghlacadh, faoi na míreanna 'A' ar chlár oibre ceann de na seisiúin a bheidh aici amach anseo.

## DRÉACHTCHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE SLÁNDÁIL AN tSOLÁTHAIR RAIDISEAPTÓP D'ÚSÁID MHÍOCHAINE

***

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas,

DE BHRÍ GUR FÍOR AN MÉID SEO A LEANAS:

- tá sé ina phríomhchuspóir ag an Aontas an uathriail straitéiseach a bhaint amach agus geilleagar oscailte a chaomhnú san am céanna;
- sainaithníodh an tsláinte mar earnáil inar gá aghaidh a thabhairt ar spleáchais straitéiseacha an Aontais;
- tá an tAontas Eorpach, Comhphobal Euratom agus na Ballstáit tiomanta d'ardleibhéal cúraim sláinte a chur ar fáil do na saoránaigh;
- tá ról fíor-riachtanach ag na raidiseatóip chun diagnóis agus cóireáil leighis a dhéanamh;
- tá méadú leanúnach ag teacht ar an ngá atá le radachógais dhiagnóiseacha agus go háirithe radachógais theiripeacha;
- ní mór leathré ghearr na raidiseatóp d'úsáid mhíochaine a chur san áireamh san iompar trasteorann ós rud é gur cheart d'othair ar fud an Aontais Eorpaigh tairbhe a bhaint as an táirgeadh atá dírithe go príomha ar líon teoranta Ballstát faoi láthair;

- is gá, dá bhrí sin, soláthar raidiseatóp d'úsáid mhíochaine san Aontas Eorpach sa todhchaí a áirithiú, rud a léiríonn an chothromaíocht idir na riachtanais chun costais a chumhdach agus chun rochtain phoiblí ar sheirbhísí leighis nua-aimseartha a áirithiú;
- Bunaítear le Treoir 2013/59/Euratom bunchaighdeáin sábháilteachta aonfhoirmeacha chun sláinte daoine aonair atá faoi réir nochtadh ceirde, leighis agus poiblí a chosaint ar na contúirtí a éiríonn as nochtadh don radaíocht ianaithe.

AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI:

- Tacaíonn agus thacaigh na Ballstáit go comhsheasmhach le gníomhaíochtaí an Aontais chun soláthar raidiseatóp míochaine a áirithiú san Aontas Eorpach, go háirithe trí chonclúidí ón gComhairle a eisiúint sa réimse sin in 2009[1], 2010[2] agus in 2012[3], agus an t-ábhar sin a áireamh i gconclúidí 2021 ón gComhairle maidir leis an Aontas Sláinte Eorpach a neartú[4];
- go sonrach, in 2019, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún Plean Gníomhaíochta maidir le teicneolaíochtaí núicléacha agus raideolaíocha neamhchumhachta a fhorbairt[5];
- in 2021, ghlac an Coimisiún an Clár Oibre Straitéiseach maidir le Feidhmeanna Leighis, Tionsclaíochta agus Taighde na Teicneolaíochta Núicléiche agus Radaíochta (SAMIRA) mar phlean gníomhaíochta cuimsitheach chun tacú le húsáid shábháilte, ardcháilíochta agus iontaofa na teicneolaíochta raideolaíche agus núicléiche i gcúram sláinte, rud a chuirfidh le Plean Sáraithe Ailse na hEorpa;

---

[1] 17025/09
[2] 16358/10
[3] 17453/12
[4] 14029/21
[5] 9437/19

- soláthraítear le plean gníomhaíochta SAMIRA creat trasbheartais do ghníomhaíocht chomhordaithe an Aontais chun feabhas a chur ar shineirgí leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile i réimsí an tsoláthair raidiseatóp d'úsáid mhíochaine, na cáilíochta agus sábháilteachta maidir le feidhmeanna leighis na radaíochta, agus na nuálaíochta agus na forbartha i dteicneolaíocht raideolaíche agus núicléiche míochaine;

- tá soláthar inbhuanaithe d'úráiniam ísealsaibhrithe ardmheasúnachta (HALEU), d'iseatóp cobhsaí saibhrithe agus d'amhábhar ábhartha eile ríthábhachtach chun athléimneacht shlabhra soláthair na hEorpa a mhéadú agus chun an spleáchas ar thríú tíortha a laghdú, rud a luaitear i bplean gníomhaíochta SAMIRA;

- ó 2012 i leith, is uirlis luachmhar í an Fhaireachlann Eorpach um sholáthar raidiseaptóp míochaine chun tacú le soláthar slán molaibdéinim-99/teicnéitiam-99m go háirithe ar fud an Aontais Eorpaigh, agus an staid dhomhanda á cur san áireamh.

LEAGANN SÍ BÉIM ar an rannchuidiú tábhachtach a dhéanann imoibreoirí taighde núicléach na hEorpa agus saoráidí núicléacha eile atá in ann raidiseatóip mhíochaine a tháirgeadh ar na leibhéil is gá do riachtanais fhadtéarmacha an Aontais agus ar a thábhachtaí atá sé go bhfanfaidh na saoráidí sin, mar aon leis an saineolas lena gcumasaítear na raidiseatóip sin a tháirgeadh, lonnaithe san Aontas Eorpach;

TACAÍONN SÍ le faireachán leanúnach a dhéanamh ar shlabhra soláthair raidiseatóp míochaine tríd an bhFaireachlann Eorpach um sholáthar raidiseaptóp míochaine;

IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ar Ghníomhaireacht Soláthair Euratom, agus ar na Ballstáit, chomh maith le hearnáil na tionsclaíochta agus na páirtithe leasmhara ábhartha, leanúint de na hiarrachtaí chun soláthar iontaofa bunábhair do tháirgeadh raidiseatóp a áirithiú;

MEABHRAÍTEAR DI iarrachtaí agus gníomhaíochtaí Ghníomhaireacht Soláthair Euratom i gcomhar leis na Ballstáit, le hearnáil na tionsclaíochta agus le himoibreoirí taighde maidir leis an soláthar slán bunábhair núicléach ar mhaithe le breosla imoibreora taighde a áirithiú;

TUGANN SÍ DÁ hAIRE barúlacha roinnt Ballstát tabhairt faoi obair a dhéanamh maidir le foinsí dúchasacha amhábhar ábhartha a thaiscéaladh agus a phróiseáil d'fhonn slándáil an tsoláthair a mhéadú;

MOLANN SÍ go leanfaí de thionscadail a thacaíonn leis an nuálaíocht chun teicneolaíochtaí táirgthe a fhorbairt ar fud slabhra an tsoláthair agus go leathnófaí na tionscadail sin[6];

MEABHRAÍONN SÍ gur freagracht thábhachtach de chuid na mBallstát agus na sealbhóirí ceadúnais é an dramhaíl radaighníomhach ó na himoibreoirí agus ó na saoráidí sin a bhainistiú go sábháilte;

AG LEAGAN BÉIM ar an ngá atá le hidirghníomhaíocht níos fearr idir creataí dlíthiúla an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir leis an gcógaisíocht agus cosaint ar radaíocht, d'fhonn diagnóis agus cóireáil leighis a fhorbairt gan moill mhíchuí agus iad a dhéanamh inrochtana do na hothair ar bhealach barrfheabhsaithe agus aonair, agus ar an gcaoi sin ardleibhéal cáilíochta agus sábháilteachta agus úsáid éifeachtúil acmhainní a áirithiú;

LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh lucht saothair oilte ann chun raidiseatóip mhíochaine a tháirgeadh agus a úsáid d'fhonn rochtain níos fearr a áirithiú do na hothair;

CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go dtacaíonn sí go láidir le taighde agus nuálaíocht maidir le feidhmeanna sláinte na heolaíochta agus na teicneolaíochta núicléiche, agus le sineirgí á gcothú, ag an am céanna, idir Euratom agus cláir thaighde Fís Eorpach[7] chomh maith le tionscnaimh sláinte ábhartha de chuid an Aontais;

---

6 Ar na samplaí reatha de ghníomhaíochtaí ábhartha, tá tionscadail PRISMAP agus SECURE.

7 D'fhéadfaí a áireamh leis sin réimsí, mar shampla an taighde ar radachógais, ar theireanóisic agus ar bheachtleigheas núicléach a chumasú agus a ghéarú, chomh maith le teicneolaíochtaí táirgthe a chur chun cinn ar fud slabhra an tsoláthair, lena n-áirítear iseatóip chobhsaí a sholáthar agus conairí nua táirgthe agus líonraí táirgthe díláraithe a fhorbairt.

TATHANTAÍONN SÍ ar Líonra Rialála Cógas an Aontais Eorpaigh athbhreithniú a dhéanamh ar na radachógais uile atá údaraithe san Eoraip agus measúnú a dhéanamh ar a gcriticiúlacht, de réir na modheolaíochta atá ann cheana.

TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún an méid a leanas a dhéanamh:

- féachaint le ról ceannaireachta domhanda na hEorpa maidir le soláthar raidiseatóp míochaine a choinneáil ar bun agus dul chun cinn nithiúil tapa a dhéanamh maidir le 'bloic thógála' uaillmhianacha a fhorbairt le haghaidh gníomhaíochtaí sonracha agus an Tionscnamh Eorpach um Ghleann Raidiseatóp á chur chun feidhme;

- sásra a fhorbairt, bunaithe ar thaithí na Faireachlainne Eorpaí um sholáthar raidiseaptóp míochaine, chun faireachán a dhéanamh maidir le héileamh agus soláthar raidiseatóp míochaine ábhartha uile agus an t-éileamh agus an soláthar sin a thuar;

- tacú leis an taighde agus an nuálaíocht a éascú, i gcomhar leis na Ballstáit agus tairbhe a bhaint, i gcás inarb ábhartha, as saineolas agus bonneagair an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde maidir le hábhair a bhaineann le raidiseatóip mhíochaine agus le teicneolaíochtaí raideolaíocha míochaine eile chomh maith le nuálaíocht maidir le modhanna teicniúla nua chun raidiseatóip mhíochaine a tháirgeadh a chur chun cinn;

- iarrachtaí comhpháirteacha a chothú maidir le measúnú agus forbairt na scileanna criticiúla is gá chun táirgeadh agus úsáid shábháilte shlán raidiseatóp míochaine a chumasú;

- measúnú a dhéanamh ar an gcreat maidir le raidiseatóip d'úsáid mhíochaine a iompar i bhfianaise riachtanais shonracha na hearnála agus leathré raidiseatóp éagsúil, chomh maith leis na láithreáin táirgthe agus na modhanna táirgthe atá ar fáil.